

MAC RÍ FUIRNIS.

(Mé féin a sgríobh síos)

Chuala Micilín an sgéal seo ó Thomas mac Donnchadha a rugadh agus tógadh ar aon bhaile leis fein. Colceathar do Mhicilín é. Mac dreathar dá mháthair. Is ag an bhfear céadna a chuala sé Caol Glas an sgéal fada a scríobh Pádraic Ó Flaithearta síos. Ní raibh Tomás Mac Donnchadh i Sasanna ariamh ná i mBaile Áth Cliath ná in áit ar bith den Ghalldacht roimh an am ar chuala Micilín an sgéal uaidh. Nuair a cailleadh bean Thomáis tháinig sé go Gaillimh is ann a cailleadh é.

